
# 16 Ciste Bhanc Taisce an Phoist

**16.1** Is é 'Coigiltis Stáit' an t-ainm comhcheangailte a chuireann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) i bhfeidhm ar raon táirgí coigiltis rialtais a thairgtear do choigilteoirí in Éirinn. Is gnách go dtugann na táirgí infheistíochtaí lena mbaineann riosca íseal do choigilteoirí gan aon táillí, muirir ná coimisiúin, agus áirítear iontu cuntais taisce ar ráta inathraithe, Bannaí Duaise agus éagsúlacht roghanna lena mbaineann téarma seasta ar ráta seasta.[1,2]

**16.2** Tá dhá chonradh gníomhaireachta i bhfeidhm ag an GBCN chun táirgí Coigiltis Stáit a dháileadh agus a riar. Le conradh leis An bPost, foráiltear do dháileadh agus riar na gcuntas taisce agus táirgí Coigiltis Stáit eile, seachas Bannaí Duaise. Tá ról reachtúil ag an bPost freisin maidir le cuntais taisce a riar, mar atá leagtha amach san Acht um Bainc Thaisce an Phoist 1861 (arna leasú) agus i Rialacháin um Banc Taisce an Phoist 1921 (arna leasú). Foráiltear le conradh leis an Cuideachta Bannaí Duaise do dháileadh agus riar Bannaí Duaise, agus is comhfhiontar é idir An Post agus cuideachta phríobháideach (*Fexco*).

**16.3** Tugtar cuntas ar fhormhór na dtáirgí Coigiltis Stáit i ráitis airgeadais an fhiachais náisiúnta (féach ar Fhíor 16.1). Is í an eisceacht iarmhéideanna a choinnítear i gcuntais taisce a gceanglaítear ar an GBCN i reachtaíocht[3] cuntas a thabhairt orthu i ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce Oifig an Phoist.

**Fíor 16.1 Táirgí Coigiltis Stáit**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Soláthraíonn an *Prize Bond Company DAC* seirbhísí Bannaí Duaise.


1 Tá roinnt cuntas taisce inathraithe ar fáil do choigilteoirí, lena n-áirítear gnáthchuntais taisce éilimh, cuntais choigiltis pinsin agus cuntais choigiltis cúram leanaí.

2 I measc na dtáirgí coigiltis ar théarma seasta tá bannaí coigiltis 3 bliana, bannaí dlúthpháirtíochta náisiúnta 4 bliana, cairteacha coigiltis 5 bliana, thráthchoigiltis 6 bliana agus bannaí dlúthpháirtíochta náisiúnta 10 mbliana.

3 IR Uimh. 277 de 1990, an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (Tarmligean agus Dearbhú maidir le Feidhmeanna) 1990.

**16.4** Tá gluaiseachtaí suntasacha tagtha ar an tóir a bhí ag coigilteoirí de na táirgí éagsúla le deich mbliana anuas (féach ar Fhíor 16.2). Go háirithe, rinneadh gluaiseacht as bannaí coigiltis agus isteach i mbannaí dlúthpháirtíochta. Tá méadú measartha tagtha ar choigilteas cuntas taisce an Phoist, ó iarmhéideanna de thart ar € 2.5 billiún ag deireadh 2011 go €3.4 billiún ag deireadh 2019.

**Fíor 16.2 Táirgí Coigiltis Stáit, iarmhéideanna arna gcoinneáil ag deireadh na bliana, 2011 to 2019[a]**




Foinse: Ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann, 2011 go 2019. Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2011 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Níor cuireadh stampaí coigiltis de €2 mhilliún san áireamh.

## Cuspóir Chiste Bhanc Taisce an Phoist

**16.5** San Acht um Bainc Thaisce an Phoist 1861 (arna leasú) tugtar breac-chuntas ar an gcreat chun Ciste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste) a chruthú chomh maith leis an údarás chun na taiscí gaolmhara a infheistiú.

**16.6** Úsáidtear an Ciste chun

- airgead barrachais a chur ar aghaidh sa Chiste don Státchiste mar iasachtaí 'modha agus meán'[1,2]
- cuidiú le feidhmiú mhargadh bannaí rialtas na hÉireann ó thaobh an eisitheora de trí
  - leachtacht agus monatóireacht a sholáthar, trí ghníomhaíocht infheistíochta i mbannaí rialtas na hÉireann mar chuid de phunann trádála bannaí tánaisteacha
  - tabhairt faoi idirbhearta díola agus athcheannaigh bannaí rialtais na hÉireann mar idirghabhálaí idir an fiachas náisiúnta agus contrapháirtithe margaidh eile
- maoiniú gearrthéarmach a sholáthar don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (*SCA*) agus don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Airgeadas Forbartha (*NDFA*) chun a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú
- iasachtaí 'cisteáin lárnaigh' a sholáthar do chomhlachtaí ainmnithe Stáit ar nós údaráis áitiúla agus comhlachtaí Stáit neamhthráchtála ainmnithe eile.[3]

1 Ní cuid den Státchiste é an Ciste.


2 Tá airgead barrachais a thugtar ar iasacht don Státchiste mar airleacain mhodha agus mheán mar chuid d'iasachtú gearrthéarmach an fhiachais náisiúnta.

3 Foráiltear le halt 18 den Acht GBCN (Leasú) 2000 do sheirbhísí cisteáin lárnacha an GBCN a bhaineann le taiscí a ghlacadh, nó airleacain a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe.

## Sócmhainní ciste

**16.7** Bhí sócmhainní de €3.5 billiún ag an gCiste an 31 Nollaig 2019. Ag an dáta sin, soláthraíodh os cionn 60% den Chiste don Státchiste mar iasacht 'modha agus meán', agus coinníodh 23% breise mar airgead tirim i mBanc Ceannais na hÉireann (féach ar Fíor 16.3). Ní raibh ach 15% de shócmhainní an Chiste i bhfoirm infheistíochtaí.


**Fíor 16.3 Sócmhainní Chiste Bainc Thaisce an Phoist, 31 Nollaig 2019**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**16.8** Mhéadaigh méid an Chiste a coinníodh i bhfoirm infheistíochtaí sa tréimhse tar éis na géarchéime airgeadais, ag baint buaicphointe amach in 2014 ag €1.8 billiún. Ó shin i leith, tá leibhéal na hinfheistíochta laghdaithe. Faoi dheireadh 2019, b'ionann méid na n-infheistíochtaí agus €520 milliún. Ó thromlach na n-infheistíochtaí a bheith á gcoinneáil i mbannaí rialtais gearrthéarmacha agus meántéarmacha (<5 bliana) in 2014, rinneadh athrú coibhneasta go bannaí aibíochta níos fadtéarmaí (féach ar Fhíor 16.4).

**Fíor 16.4 Aibíochtaí phunann infheistíochta an Chiste, 2011 go 2019**





Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2011 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Feidhmíocht airgeadais an Chiste

**16.9** Is iad príomhshruthanna ioncaim an Chiste glanioncam úis[1] agus ioncam arna réadú ar dhíol infheistíochtaí. Tá laghdú suntasach tagtha ar an dá fhoinse ioncaim seo ó 2014, rud a léiríonn na cúpóin níos ísle atá i réim ar bhannaí le blianta beaga anuas agus an toradh níos ísle ar airgead tirim a coinníodh (féach ar Fhíor 16.5).[2]


**Fíor 16.5 Ioncam ciste, 2011 to 2019[3]**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2011 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**16.10** Ag teacht leis an laghdú ar rátaí úis an mhargaidh le roinnt blianta anuas, bhí laghdú freisin ar an ús a íocadh le coigilteoirí ar a dtaiscí leis an gCiste (féach ar Fhíor 16.6). Mar sin féin, d'fhan na táillí oibriúcháin iníoctha leis An bPost réasúnta seasmhach idir 2011 agus 2019. (Ba é an caiteachas ar tháillí den sórt sin in 2019 ná €28.6 milliún.) Ba é an glan-toradh a bhí air ná gur thabhaigh an Ciste easnaimh gach bliain ó 2015 go 2019.

**Fíor 16.6 Caiteachas agus barrachas/(easnamh) ciste, 2011 to 2019[3]**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2011 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Cuimsítear i nglanioncam úis an glan-ús infheistíochta agus ús ar airgead tirim a choinnítear i mBanc Ceannais na hÉireann.

2 Thug Banc Ceannais na hÉireann rátaí úis diúltacha isteach i Meitheamh 2014.


3 In 2014, ba é an brabús ar dhíol infheistíochtaí ná €63 milliún, lena n-áirítear gnóthachain aonuaire de €52.2 milliún a d'eascair as díol bannaí amúchta níos faide a fuarthas le linn na géarchéime airgeadais ag táirgeacht ard.

**16.11** D'éirigh leis an gCiste seasamh beagnach meá ar mheá a bhaint amach in 2019. Léirigh sé seo glanghnóthachain réadaithe ar láimhdeachas bhannaí rialtais na hÉireann, ar tháinig méadú ar a bpraghsanna i gcoitinne de réir mar a thit táirgeacht bhannaí rialtas na hÉireann i rith na bliana.

### *Cúlchistí carntha an Chiste*

**16.12** Coinnítear agus coimeádtar na barrachais a thuill an Ciste mar chúlchistí carntha. Mar a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais, tháinig laghdú suntasach ar na cúlchistí seo mar thoradh ar na heasnaimh a tabhaíodh gach bliain ó 2015 go 2019 (féach ar Fhíor 16.7). Ag deireadh 2019, b'ionann cúlchistí carntha an Chiste agus €79.7 milliún. Bhí sé seo comhionann le díreach faoi bhun 42% de na buaic-chúlchistí de €190 milliún a coinníodh ag deireadh 2014.

**Fíor 16.7 Ciste Bhanc Thaisce an Phoist, cúlchistí carntha, 2011 go 2019**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2011 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**16.13** Bhí feidhmíocht an Chiste in 2019 inchurtha den chuid is mó le gnóthachain mhargaidh a réadú ar dhiúscairt roinnt sócmhainní infheistíochta.

**16.14** Tá teorainneacha ciste forordaithe ag an GBCN i bhfeidhm ar fud a beartas éagsúil (m.sh. beartais riosca margaidh agus leachtachta). Déanann rannóg Riosca GBCN monatóireacht agus tuairisciú ar na teorainneacha seo. Faoi threoirlínte an Aire, ní féidir leis an GBCN ligean do chúlchistí an Chiste titim faoi bhun €5 milliún. Tá foráil ann go gclúdóidh an Státchiste aon easnamh féideartha sa Chiste a mhéid is gá, chun é sin a chosc. Is í an phríomh-mheicníocht atá ar fáil chuige seo ná go n-athróidh an GBCN an leibhéal úis a ghearrtar ar na hairleacain mhodha agus mheán don Státchiste.

**16.15** Ullmhaíonn an GBCN ráitis airgeadais an Chiste faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (arna leasú) agus ullmhaítear iad ar bhonn fabhruithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Foilsítear na cuntais mar chuid de thuarascáil bhliantúil GBCN.[1]

1 Foilsíodh ráitis airgeadais 2019 don Chiste an 15 Meitheamh 2020.

**16.16** Tá an t-údarás reachtúil ag an Aire Airgeadais an creat cuntasaíochta a ordú le húsáid le haghaidh ráitis airgeadais bhliantúla an Chiste. Faoin gcreat reatha, déantar infheistíochtaí an Chiste a thaifeadadh ag a gcostas bunaidh. Cé go nochtar luach margaidh reatha infheistíochtaí an Chiste ag deireadh na bliana mar chuid de na nótaí leis na ráitis airgeadais, ní aithnítear na gnóthachain nó na caillteanais neamhréadaithe a ghabhann leo sna ráitis airgeadais phríomha faoin gcreat cuntasaíochta reatha. Ní chomhlíonann sé seo na creataí cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, a éilíonn go n-aithneofar infheistíochtaí ag a luach margaidh reatha.

**16.17** Tugtar cuntas ar ghníomhaíochtaí infheistíochta eile arna mbainistiú ag GBCN, mar an Cúlchiste Barrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) agus Ciste *Apple* Eascró na hÉireann faoi chreataí cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Ina measc seo tá tuairisciú ar iarmhéideanna infheistíochta ar bhonn margaidh nó luacha chóir.

## Conclúidí agus moltaí

**16.18** Cé gur fhan speansais oibriúcháin a bhaineann leis an gCiste réasúnta seasmhach, tháinig laghdú mór ar ioncam an Chiste ó 2015 ar aghaidh, rud a léiríonn timpeallacht ghinearálta an ráta úis íseal. Dá bharr sin, tá iarmhéid chúlchistí an Chiste tar éis titim óna bhuaic in 2014 de €190 milliún, go díreach faoi bhun €80 milliún ag deireadh 2019. Tá infheistíochtaí an Chiste ag laghdú freisin mar chion de shócmhainní iomlána an Chiste.

**16.19** Faoi threoirlínte an Aireachta, tá meicníocht ar fáil ag an GBCN chun an leibhéal úis a ghearrtar ar na hairleacain mhodha agus mheán don Státchiste a athrú. Ní gá go léireoidh an ráta a ghearrtar na rátaí úis ísle (nó diúltacha) atá ar fáil ar an margadh. Mar sin féin, má ghearrtar ráta úis níos airde ar na hairleacain seo, méadófar an costas ar an Stát as an bhfiachas náisiúnta a sheirbhísiú.

**16.20** Tá an creat cuntasaíochta a úsáidtear le haghaidh ráitis airgeadais an Chiste stairiúil ó thaobh nádúir de agus ní chloíonn sé le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Go háirithe, ní dhéantar infheistíochtaí a thrádáiltear go héasca a thaifeadadh ag luach an mhargaidh. Níl sé seo ag teacht leis an gcuntasaíocht a úsáideann an GBCN le haghaidh cistí eile, áit a bhfuil creataí cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta i bhfeidhm.

### Moladh 16.1

Ba cheart don Roinn Airgeadais machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht na cuntasaíochta d'infheistíochtaí ar bhealaí éagsúla i gcuntais éagsúla.

#### Freagra an Ard-Rúnaí

Comhaontaithe.

Pléifidh an Roinn Airgeadais roghanna féideartha ina leith seo le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.